

# Ionadaithe Sábháilteachta

Is éard atá in Ionadaí Sábháilteachta ná fostaí atá tofa ag a chomhghleacaithe a bhfuil sé de phríomhchúram air/uirthi ionadaíocht a dhéanamh ar a son maidir le ceisteanna uile sláinte agus sábháilteachta. Cuireann an tIonadaí Sábháilteachta nasc díreach ar fáil idir an fostóir agus na fostaithe ar cheisteanna a thagann chun cinn de thoradh cigireachtaí ionaid oibre nó de thoradh cumarsáid dhíreach lena chomhghleacaithe.

**Ceadaítear d'Ionadaithe Sábháilteachta am saor a fháil óna gcuid oibre, gan caillteanas ioncaim, ar mhaithe le traenáil agus cúraimí Ionadaí Sábháilteachta a chomhlíonadh.**

In ainneoin nach gcuireann an dlí dualgas bainistíochta ar Ionadaithe Sábháilteachta chun feabhsú sábháilteachta agus sláinte a chinntiú, ligeann sé dóibh siúd a ghlacann an ról cleachtas níos fearr a chur chun cinn san ionad oibre.

**Tá "Cúrsa Gairid le haghaidh Ionadaithe Sábháilteachta"**
ar fáil chun feasacht a mhéadú faoi ról an Ionadaí Sábháilteachta ar hsalearning.ie.

**hsalearning.ie**
HSA Online Courses

0818 289 389 | contactus@hsa.ie | hsa.ie



HSA

An tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta
Health and Safety Authority

## Is féidir le hIonadaithe Sábháilteachta:

- uiríll a dhéanamh chuig an bhfostóir ar ábhair a bhaineann le sábháilteacht, sláinte agus leas, thar cheann na bhfostaithe.
- a bheith ina mball de choiste sábháilteachta, má tá ceann i bhfeidhm.

**Ba chóir go mbeadh rochtain ag Ionadaithe Sábháilteachta ar eolas faoi bhearta atá de riachtanas de réir reachtaíocht sábháilteachta agus sláinte cosúil le measúnuithe riosca agus eachtraí intuairiscithe.**

### Tá físeáin agus faisnéis d'Ionadaithe Sábháilteachta ar fáil ag:

BeSMART.ie



Tabhair faoi deara go bhfuil riachtanais dhifriúla d'Ionadaithe Sábháilteachta i dTionscal na Tógála. Nuair atá breis is 20 duine fostaithe ar láithreán tógála ag aon am amháin, ní mór don mhaoirseoir tionscadail le haghaidh chéim na foirgníochta (PSCS) cabhrú le hIonadaí Sábháilteachta a cheapadh - chun tuilleadh eolais a fháil tabhair cuairt ar shuíomh idirlín an Údaráis Sláinte agus Sábháilteachta hsa.ie.